Fóram Dátheangachais Éireann

Tionscadal nua atá dírithe ar fheasacht faoi ghnéithe den dátheangachas in Éirinn a mhúscailt is ea Fóram Dátheangachais Éireann. Tá sé mar phríomh-chuspóir ag an tionscadal eolas a chur ar fáil saor in aisce do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí mar gheall ar shealbhú teanga agus oideachas dátheangach. Eagraímid ceardlanna do theaghlaigh agus tá fóram ar líne againn, áit gur féidir ceisteanna faoin dátheangachas a phlé. Ar ábhair ár gceardlann tá:

An teaghlach iltheangach
Buntáistí an dátheangachais
Dátheangachas agus déchultúracht
An dátheangachas sa scoil
An dátheangachas agus an t-imeascadh
Sealbhú na Gaeilge sna luathbhlianta

Chun tuilleadh eolais a aimsiú nó chun áit a chur in áirithint ag ár gcéad cheardlann eile, ní gá ach teagmháil a dhéanamh linn:
bilingualforumireland@gmail.com
nó téigh go
www.bilingualforumireland.com